

# Siotaí Sí

  
Séideán Sí

## Bailiúchán de nuascéalta sí



Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

**Marie Synnott**

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



# CLÁR

Suaircín

3

Sióga Cheann Tíre

7

Is trom an tualach an leisce!

13





# SUAIRCÍN

## Triail Tuisceana

1. Cé a bhí ina gcónaí leis an gcailín beag?
2. Cad iad na hainmneacha a bhí ar na sióga a mbíodh Daidí ag caint fúthu?
3. Cá raibh cónaí ar na sióga?
4. Cé hiad na daoine maithe?
5. Cén saghas gutha a bhí ag an tsióg?
6. Cad a bhí le léamh ar aghaidh álainn na sióige?
7. Cén aois í an bhean álainn?
8. Cad iad na hainmneacha a thugann daoine ar an mbean álainn?
9. Cén t-ainm nua a tugadh ar an gcailín beag?
10. An gcreideann tú an scéal seo?



## Scribhneoireacht

Scriobh na focail seo a leanas in ord aibítire.

scéalta

daoine

crann

séimh

glúine

Anois, déan iarracht scéal gearr a chumadh le do pháirtí ina mbeidh na focail sin ar fad.

## Seanfhocail

Meitiseáil tús an tseanfhocail leis an deireadh ceart.

Aithníonn ciaróg	agus tiocfaidh sí.
Is fearr an tsláinte	ciaróg eile.
Mol an óige	ná na táinte.

Cad is brí le gach seanfhocal thuas, dar leat?

## Abairtí

Seo thíos fráasaí atá sa scéal. Meitiseáil tús an fhrása leis an deireadh ceart.

na féileacáin ag eitilt	leis an gceo
is minic a bhí	is a chonaic tú riamh
a croí lán	ó bhláth go bláth
chomh sean	agus beidh go deo
chomh deas	d'áthas agus grá

Cuir gach fráasa thuas in abairt nua.

- a) \_\_\_\_\_
- b) \_\_\_\_\_
- c) \_\_\_\_\_
- d) \_\_\_\_\_
- e) \_\_\_\_\_



## Obair bheirte

- Smaoinigh ar bhealaí a bhíonn tú cineálta le do mhuintir sa bhaile. Labhair le do pháirtí faoi agus déanaigí liosta de na bealaí a d'fhéadfadh sibh a bheith níos cineálta sa bhaile.
- Tarraing pictiúr de do mhuintir nuair a bhíonn sibh sásta.



## Stór Focal

Féach ar na pictiúir thíos ón scéal. Scríobh abairt amháin faoi na mothúcháin a léiríonn na daoine i ngach pictiúr.

Seo roinnt focal a chabhróidh leat: sona sásta / drochbhail / drochaoibh / stáincín / ar buile / scanraithe / tuirseach / cráite / grámhar / áthasach / brónach / céasta / cantalach / cancrach




---



---




---



---




---



---




---



---





## Obair Ghrúpa

Imir an cluiche thíos le do ghrúpa. Ba chóir go mbeadh triúr i ngach grúpa. I gcéim 3, is féidir Rogha A nó Rogha B a dhéanamh.

*Treoracha:*

1. Féach ar an ngreille thíos.
2. Roghnaigh focal amháin ach ná hínis do bhaill eile an ghrúpa cad é.
3. Rogha A: Beidh suas le deich soicind agat chun an focal a mhíniú do bhaill eile an ghrúpa i do chuid focal féin gan é a rá.  
nó  
Rogha B: Beidh suas le tríocha soicind agat chun pictiúr a tharraingt chun an focal a léiriú do bhaill eile an ghrúpa.
4. Beidh ar na daoine eile sa ghrúpa tomhas cén focal atá i gceist agat agus gheobhaidh tusa pointe má bhíonn an ceart acu.
5. Seal an chéad duine eile a bheidh ann ansin.
6. Leanaigí ar aghaidh go dtí go mbeidh gach focal sa ghreille déanta agaibh.
7. Beidh an bua ag an té a mbeidh an líon is mó pointí aige/aici ag an deireadh.

teach	airgead	bóin Dé	éadaí	grá
púca	crann	oíche	beach	gúna
bean	bláth	bábóg	ainm	doras
béal	teilifís	citeal	glúin	bord



# SIÓGA CHEANN TÍRE

## Triail Tuisceana

---

1. Cén t-ainm a bhí ar an tsióg i gCeann Tíre?
2. An raibh sé sean nó óg?
3. Cad is ainm do chara Rír?
4. Cad a rinne Rír agus Ruaille Buaille ar feadh an lae?
5. Cén uair a bhí Rír agus Ruaille Buaille scartha?
6. Cé mhéad rí a bhí sa scéal?
7. Cá raibh cónaí ar rí shióga na farraige?
8. Cé mhéad uair a chuaigh Rír go pálás rí na sióg?
9. Cé a bhí ina chónaí ag barr an chnoic ab airde i gCeann Tíre?
10. Cén t-am den lá a bhí ann nuair a chonaic Rír a chara Ruaille Buaille arís?

## Cuir na pictiúir san ord ceart

Scríobh na habairtí a bhaineann leis an scéal san ord ceart.



Thug Rírá cuairt ar Rí Shióga na gCnoc.



Ní fhaca Ríán ach scáil Rírá ina luí ar an bhféar.



Nuair a tháinig an oíche bhí Ruaille Buaille imithe.



Bhuail Rírá le sióg eile darbh ainm Ruaille Buaille.







## Bris an cód

Tá abairt rúnda scríofa thíos. Bain úsáid as a gcód chun an abairt **a thabhairt le fios/ a aimsiú / a fháil.**

a	b	c	d	e	f	g	h	i	J	k	l	m	n
1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14

o	p	q	r	s	t	u	v	w	x	y	z	á
15	16	17	18	19	20	21	22	23	24	25	26	27

t	á
20	27

s	c	á	i	l
19	3	27	9	12

a	g
1	7

g	a	c	h
7	1	3	8

d	u	i	n	e
4	21	9	14	5

f	a	o	i	n
6	1	15	9	14

n	g	r	i	a	n
14	7	18	9	1	14



## Scríobh do theachtairacht féin

Déan féin teachtaireacht rúnda a chumadh anois leis an gcód céanna.



## Abairtí le cur san ord ceart

Scríobh na habairtí seo thíos san ord ceart.

1. chéile Rírá Bhí bocht trína

---

2. na rith gaoithe Rírá nós ar cnoc an síos

---

3. agus i gcomhlúadar lá chaith Ruaille Buaille an Rírá ar fad a chéile

---

4. pálás sé an isteach Shiúil go rí

---

5. ina ríchathaoir ag smaoineamh Shuigh sé thosaigh siar agus sé

---

6. rí D'fhiafraigh tuairim aige sé den an raibh cá raibh Ruaille Buaille aon

---

## Briathra

Scríobh na briathra seo a leanas san abairt chuí.

Bhuail	Chaith	Shiúil	Shuigh	Thosaigh	Chuaigh
--------	--------	--------	--------	----------	---------

- \_\_\_\_\_ Rírá le sióg eile nuair a bhí sé amuigh ag spaisteoireacht.
- \_\_\_\_\_ Rírá isteach go pálás an rí.
- \_\_\_\_\_ Ríán siar ina ríchathaoir agus thosaigh sé ag smaoineamh.
- \_\_\_\_\_ Rírá an oíche ar fad ag cuardach Ruaille Buaille.
- \_\_\_\_\_ an ghrian ag éirí san oirthear.
- \_\_\_\_\_ Rírá agus Ruaille Buaille ag iascaireacht ar an loch.

## An focal corr

Tá focal i ngach sraith thíos nach bhfuil cosúil leis na focail eile. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfocal corr i ngach cás.

a)	cat	madra	coinín	rothar	luch
b)	cóta	hata	geansaí	bríste	úll
c)	uisce	arán	tae	bainne	caife
d)	glas	bó	dearg	donn	buí
e)	carr	cáca milis	rothar	bus	traein

An féidir leat a rá i ngach cás cén fáth a bhfuil an focal a roghnaigh tú corr?





# IS TROM AN tUALACH AN LEISCE!

## Triail Tuisceana

1. Cad a shocraigh San Nioclás a dhéanamh i ndiaidh dó éisteacht le glórphost Rúdolf?
2. Cá raibh Rúdolf nuair a tháinig San Nioclás air agus cad a bhí ar siúl aige?
3. Cén leithscéal a bhí ag Rúdolf ar dtús?
4. Cad nár thaitin le Rúdolf faoin bpost?
5. Cad ba mhaith le Rúdolf a dhéanamh in áit an phoist sin?
6. Cén réiteach a bhí ag Seán ar an bhfadhb?
7. Cad a bhí á lorg ag Máire mar bhronntanas Nollag?
8. Dúirt Máire ina litir gur chailín an-mhaith í. An bhfuil sin fíor, dar leat? Cén fáth?
9. Conas a chuala Mailí an nuacht?
10. Cad iad na rudaí a d'úsáid San Nioclás le Mailí a chur ag eitilt?

## Cum ceisteanna

Cum ceisteanna do na freagraí thíos.

1. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Bhí Rúdolf Rua as láthair don rolla.
2. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Bhí Rúdolf tinn tuirseach den taisteal ar fad.
3. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Ba bhreá le Rúdolf a bheith ina aisteoir.
4. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Bhí Máire ag iarraidh bábóg mar bhronntanas Nollag.
5. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Fágadh Mailí in aice le bosca bruscair i lár na cathrach.
6. Ceist: \_\_\_\_\_ ?  
Freagra: Tá Máire agus Rúdolf ag tabhairt aire do Shan Nioclás, do Mhailí agus do na síoga ar fad.













## Ealaín

Tarraing pictiúr bunaithe ar an abairt thíos.

Mí na Nollag in Éirinn, spéaclaí gréine agus cultacha snámha ar chách!

Féach ar na pictiúir thíos agus déan iarracht an rud a fheiceann tú a litriú i ngach cás. Bain úsáid as na litreacha sa tábla chun é sin a dhéanamh.

pá	ha	có	sn
si	le	ca	fó
bá	si	so	ma

		
__ aba	__ bóg	__ n
		
__ óg	__ istí	__ cín
		
__ taí	__ eachta	__ ta
		
__ las	__ dra	__ rr

Anois, i gcomhar le do pháirtí, cuir na focail thuas in abairtí. Scríobhaigí trí abairt.

- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_
- \_\_\_\_\_



## Cuardach Focal

Aimsigh na focail seo sa chuardach focal

spéaclaí	báisteach	slaghdán	bronntanas	turas
sneachta	fearg	uaigneach	tuirseach	béile

q	a	t	h	c	a	e	n	s	a
e	l	i	é	b	h	s	s	d	d
r	t	d	b	l	c	a	p	u	h
n	h	b	n	r	a	n	é	a	n
f	e	a	r	g	e	a	a	i	á
t	k	h	s	g	t	t	c	g	d
b	l	u	d	s	s	n	l	n	h
m	s	i	a	s	i	n	a	e	g
z	d	r	g	d	á	o	í	a	a
x	u	a	h	j	b	r	x	c	l
t	f	s	p	f	f	b	h	h	s
v	a	y	o	g	p	r	t	m	l
b	t	u	i	r	s	e	a	c	h



## Scéal

Anois déan iarracht scéal gearr a chumadh le do pháirtí ina mbeidh na focail sin ar fad.



## Scríbhneoireacht

An bhfuil peata agatsa nó ag aon chairde de do chuid? Scríobh amach treoracha chun aire a thabhairt don pheata sin.





## Taighde

1. Déan taighde ar an eagraíocht Dogs Trust agus ar an obair a dhéanann siad chun madraí a shábháil.
2. Scríobh scéal ina mbeidh 'Is trom an t-ualach an leisce' mar théama.
3. Cad dó a seasann na litreacha RTÉ? Déan tionscadal ar RTÉ. Cén uair a bunaíodh é, cá bhfuil sé, cé mhéad duine atá ag obair ann, etc.
4. Déan taighde faoi scéal sí eile. An bhfuil aon scéal sí léite agat nó ar eolas agat? Mura bhfuil ceann ar eolas agat, cum ceann. Scríobh amach an scéal. Ba chóir do ghrúpaí éagsúla sa rang scéal a léamh do na daltaí eile.



## Ealaín

Nuair a bheidh na scéalta léite agaibh (rogha 4 thuas), déanaigí pictiúir a tharraingt chun greannán nó fríos a chruthú bunaithe ar bhur gcuid scéalta.

